RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2127 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Samhain 2022

lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "Ecolab UA BPF 1-Propanol" i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid [1], agus go háirithe Airteagal 44(5), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Márta 2019, chuir Ecolab Deutschland GmbH iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht"), i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ar údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha ar a dtugtar "Ecolab UA BPF 1-Propanol" de chineál táirge 1, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Sualainne meastóireacht a dhéanamh ar an iarratas. Taifeadadh an t-iarratas faoi chás-uimhir BC-RS050191-24 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is é própán-1-ól an tsubstaint ghníomhach atá in "Ecolab UA BPF 1-Propanol", substaint a chuimsítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i ndáil le cineál táirge 1.

(3) An 9 Meán Fómhair 2021, rinne an t-údarás inniúil meastóireachta tuarascáil ar an measúnú agus conclúidí a mheastóireachta a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(4) An 24 Márta 2022, chuir an Ghníomhaireacht na nithe seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 — a tuairim [2], an dréacht-achoimre ar shaintréithe táirge bhithicídigh ("SPC") "Ecolab UA BPF 1-Propanol", agus an tuarascáil dheireanach ar mheasúnú i ndáil leis an bhfine táirgí bithicídeacha.

(5) Is é conclúid na tuairime sin gur fine táirgí bithicídeacha atá in "Ecolab UA BPF 1-Propanol" de réir bhrí Airteagal 3(1), pointe (s), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go bhfuil sé incháilithe le haghaidh údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin, agus faoi réir chomhlíonadh na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh, go sásaíonn sé na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus (6) den Rialachán sin.

(6) An 12 Aibreán 2022, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a tharchur chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais le haghaidh "Ecolab UA BPF 1-Propanol" a dheonú.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

[1] IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

[2] ECHA opinion of 1 March 2021 on the Union authorisation of 'Ecolab UA BPF 1-Propanol' [Tuairim ó ECHA an 1 Márta 2021 maidir leis an údarú Aontais le haghaidh "Ecolab UA BPF 1-Propanol"] (ECHA/BPC/315/2022), https://echa.europa.eu/bpc-opinions-on-union-authorisation.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais darb uimhir údaraithe EU-0028430-0000 do Ecolab Deutschland GmbH chun an fhine táirgí bithicídeacha "Ecolab UA BPF 1-Propanol" a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Tá an t-údarú Aontais bailí ón 27 Samhain 2022 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2032.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

Ecolab UA BPF 1-Propanol

Cineál táirge 1 — Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

Uimhir an údaraithe: EU-0028430-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0028430-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	Ecolab UA BPF 1-Propanol

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Ecolab Deutschland GmbH
	Seoladh	Ecolab Allee 1, 40789 Monheim am Rhein An Ghearmáin
Uimhir an údaraithe	EU-0028430-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0028430-0000	
Dáta an údaraithe	An 27 Samhain 2022	
Dáta éaga an údaraithe	An 31 Deireadh Fómhair 2032	

1.4. **Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha**

Ainm an déantóra	Ecolab Europe GmbH
Seoladh an déantóra	Richtistrasse 7, 8304 Wallisellen An Eilvéis
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Richtistrasse 7, 8304 Wallisellen An Eilvéis AFP GmbH, Otto-Brenner-Straße 16, 21337 Lüneburg An Ghearmáin Acideka S.A., Edificio Feria. Capuchinos de Basurto 6. 4a planta, 48013 Bilbao An Spáinn Adiego, Adiego Ctra De Valencia KM 5, 900, 50410 Cuarte de Huerva Zaragoza An Spáinn Allied Products, Allied Hygiene Unit 11, Belvedere Industrial Estate, Fishers Way, Belvedere, Kent, DA17 6BS Belvedere An Ríocht Aontaithe Arkema GmbH, Morschheimer Strasse 19, D-67292 Krichheimbolanden An Ghearmáin

	Azelis Denmark, Lundtoftegårdsvej 95, 2800 Kgs Lyngby An Danmhairg Belinka-Ljublijana, Belinka Zasavska Cesta, 95 1001 Ljubljana An tSlóivéin Radio street 24 Bld 1, 105005 Moscó Cónaidhm na Rúise Bio Productions Ltd inc Starpro, 72 Victoria Road Victoria Industrial Estate, West Sussex, RH15 9LH Burgess Hill An Ríocht Aontaithe Bioxal SA, Route des Varennes - Secteur A, BP 30072 71103 Cedex An Fhrainc Bores Srl, Via Pioppa 179, 44030 Pontegradella (FE) An Iodáil Brenntag Ardennes, Route de Tournes, CD n 2, 08090 Cliron An Fhrainc Brenntag CEE - Guntramsdorf, Blending Bahnstr 13 A, 2353 Guntramsdorf An Ostair Brenntag GmbH, Humboldtring 15, 45472 Muehlheim An Ghearmáin Brenntag Kaiserslautern, Merkurstr. 47, 67663 Kaiserslautern An Ghearmáin Brenntag Nordic - Haslev, Høsten Teglværksvej 47, 4690 Haslev An Danmhairg Brenntag Nordic - Vejle, Strandgade 35, 7100 Vejle An Danmhairg Brenntag Normandy, 12 Sente des Jumelles, BP 11 76710 Montville An Fhrainc Brenntag PL-Zgierz, ul. Kwasowa 5, 95-100 Zgierz An Pholainn Brenntag Quimica, Calle Gutemberg n° 22, Poligono Industrial El Lomo, 28906 Getafe Madrid An Spáinn Brenntag Schweizerhall, Elsaesserstr. 231, CH-4056 Basel Schweiz An Eilvéis Brenntag SRL, Str. Gării nr 1, 077040 Chiaina, Ilfov An Rómáin Budich International GmbH, Dieselstrasse 10, 32120 Hiddenhausen An Ghearmáin Caldic Deutschland Chemie B.V, Karlshof 10, D 40231 Düsseldorf An Ghearmáin The Carbon Group„ P43 R772, County Cork Rinn an Scidígh Éire Colep Bad Schmiedeberg, Kemberger Str. 3, 06905 Bad Schmiedeberg An Ghearmáin Comercial Farmaceutica Castel LANA S.A., “Cofarcas” Condado de Trevino 46 P.I Villalonquejar, 09080 Burgos An Spáinn Comercial Godo, França 13, 08700 Igaulada Barcelona An Spáinn Courtois Sarl, ZA Sous Le Beer, Route de Pacy, 27730 Bueil An Fhrainc DAN-MOR (Dr Wipe) Natural products and Chemicals Ltd, Or Akiva Industrial Zone, Hailian street 29, 30600 Akiva Iosrael Denteck BV, Heliumstraat 8, 2718 SL Zoetermeer An Ísiltír Donauchem Kft (Hungary), Bányalég utca 37-43, H-1225 Budapest An Ungáir Detergents Burguera S.L, Joan Ballester 50, 07630 Campos (Illes Baleares) An Spáinn Champion Technologies Ltd., Minto Avenue, Altens Industrial Estate, AB12 3JZ Aberdeen An Ríocht Aontaithe ECL Biebesheim, Justus-von-Liebig-Straße 11, 64584 Biebesheim am Rhein An Ghearmáin

	ECL Chalons, Avenue Du General Patton, 51000 Châlons-en-Champagne An Fhrainc ECL Cisterna, Nalco italiana Manufacturing Srl. Via Ninfina II, 04012 Cisterna di Latina An Iodáil Champion Technologies Ltd. Fawley, Fawley Cadland Road Hythe, Hampshire, SO45 3NP Southampton An Ríocht Aontaithe Ecolab Leeds, Lotherton Way, Garforth, LS25 2JY Leeds An Ríocht Aontaithe ECL Mandra, 25TH KM Old National Road of Athens To Thiva, 19600 Mandra An Ghréig ECL Maribor, Vajngerlova Ulica 4, 2000 Maribor An tSlóivéin ECL Microtek B.V., Gesinkkampstraat 19, 7051 HR Varsseveld An Ísiltír ECL Microtek Mosta, Sorbonne Centre F20 Mosta Technopark, Mst 3000 Mosta Málta ECL Microtek Zutphen, Hekkehorst 24, 7027 BN Zutphen An Ísiltír Ecolab Ltd (IE) and Ecolab Manufacturing IE Ltd (IE), Forest Park, Zone C Mullingar Ind. Estate N91, Co. Westmeath An Muileann gCearr Éire ECL Niewegein, Brugwal 11A, 3432 NZ Nieuwegein An Ísiltír ECL Rovigo Esoform, Esoform SRL Laboratorio Chimico Farmaceutico Viale del Lavoro 10, 45100 Rovigo An Iodáil ECL Rozzano, Via A. Grandi, 20089 Milano An Iodáil ECL Tessenderlo, Havenlaan 4, Ravenshout 4 210, B-3980 Tessenderlo An Bheilg ECL Weavergate/Ecolab Ltd (UK)/Ecolab Manufacturing UK Ltd (UK), Winnington Avenue, CW8 3AA Northwich An Ríocht Aontaithe Ecolab LTD Baglan/Swindon, Plot 7a Baglan Energy Park, Baglan, SA11 2HZ Port Talbot An Ríocht Aontaithe Ferdinand Eiermacher GmbH & Co. KG, Westring 24, 48356 Nordwalde An Ghearmáin F.E.L.T., B.P 64 10 Rue du Vertuquet, 59531 Neuville En Ferrain An Fhrainc Gallows Green Services Ltd., Cod Beck Mill Industrial Estate Dalton Lane, YO7 3HR Thirsk An Ríocht Aontaithe Gerdisa German Rodriguez Drogas IND., Gerdisa Poligono Industrial Miralcampo C.Pintura n.-4, parc.37, 19200 Azuqueca de Henares Guadalajara An Spáinn Girasol Natural Products BV, De Veldoven 12-14, 3342 GR Hendrik-Ido-Ambacht An Ísiltír Henkel Engels, 48 Pr. Stroitelei, 413116 Saratov Cónaidhm na Rúise IMECO GmbH & Co. KG, Boschstraße 5, D-63768 Hösbach An Ghearmáin Innovate GmbH, Am Hohen Stein 11, 06618 Naumburg An Ghearmáin Interfill LCC-Tosno, 187000 Moskovskoye shosse 1, 187000 Leningradskaya oblast Cónaidhm na Rúise Jodel, Jodel Zona Industrial 2050, 2050 Aveiras de Cima An Pholainn Kleimann GmbH, Am Trieb 13, 72820 Sonnenbühl An Ghearmáin Kompak Nederland BV, 433651 Bavel 0031-161 Bavel An Ísiltír La Antigua Lavandera S.L., Ctra. Antigua Sevilla-Alcalá Km.1,5 (SE-410 Apartado de Correos 58, 41500 Alcala De Guadaira Sevilla An Spáinn Laboratoires Anios, Pavé du moulin, 59260 Lille-Hellemmes An Fhrainc

	Laboratoires Anios, 3330 Rue de Lille, 59262 Sainghin-en-Mélantois An Fhrainc Laboratoires Prodene Klint, Site de Mitry-Mory 2, Rue Denis Papin ZI Mitry-Compans, 77290 Mitry Mory An Fhrainc Lichtenheldt GmbH, Lichtenheldt Industriestrasse 7-9, 23812 Wahlstedt An Ghearmáin Lonza GmbH, Morianstr.32, 42103 Wuppertal An Ghearmáin Multifill BV, Constructieweg 25-A, 3641 SB Mijdrecht An Ísiltír NALCO Finland Manufacturing Oy (Tesjoki), Kivikummuntie 1, 07955 Tesjoki An Fhionlainn NALCO Celra, Celra C/Tramuntana s/n Poligona Industrial, 17460 Celrà An Spáinn NOPA Nordisk Parfumerivare, Hvedevej 2-22, DK-8900 Randers An Danmhairg Nuova Farmec Srl, Via Flemming 7, 37026 Settimo di Pescantina (VR) Verona An Iodáil Pal International Ltd, Sandhurst Street, LE17 4JA Leicester An Ríocht Aontaithe Planol GmbH, Maybachstr 17, 63456 Hanau An Ghearmáin Plum A/S, Frederik Plums Vej 2, DK 5610 Assens An Danmhairg Productos La Corberana S.L., Ctra Corbera Polinyá, s/n° 4, 46612 Valencia An Spáinn The Proton Group Ltd, Ripley Drive, Normanton Industrial Estate, WF6 1QT Wakefield An Ríocht Aontaithe Quimicas Morales S.L., Misiones, 11 Urb. El Sebadal, 05005 Las Palmas de Gran Canaria An Spáinn RNM Productos Quimicos, Lda Rua da Fabrica 123, Segade, 4765-080 Carreira Vila Nova de Famalicao An Pholainn RP Adam Ltd (Arpal Group), North Riverside Business Park, Riverside Road„ TD7 5DU Selkirk An Ríocht Aontaithe Roquette & Barentz, Roquette Freres, Route De La Gorgue, F-62136 Lestrem An Fhrainc Rutpen Ltd, Membury Airfield, Lambourn, RG16 7TJ Membury An Ríocht Aontaithe Simagec, Z.I. de Rousset/Peynier, 54 Avenue de la Plaine„ 13790 Rousset An Fhrainc Solimix, Montseny 17-19 Pol. Ind. Sant Pere, Molanta, 08799 Olerdola Barcelona An Spáinn Staub & Co - Silbermann GmbH, Industriestraße 3, D-86456 Gablingen An Ghearmáin Stockmeier Chemie, Eilenburg GmbH & Co. Kg, Gustav-Adolf-Ring 5, 04838 Ellenburg An Ghearmáin Synerlogic BV (IN2FOOD), L.J. Costerstraat 5, 6827 Arnhem An Ísiltír Techtex (Technical Textile Services Ltd), Units 7 & 8, Rhodes Business Park Silburn Way, Middleton, M24 4NE Manchester An Ríocht Aontaithe Univar Ltd, Argyle House, Epsom Avenue, SK9 3RN Wilmslow An Ríocht Aontaithe Univar SPA, Via Caldera 21, 20-153 Milano An Iodáil Van Dam Bodegraven B.V, Postbus 48 NL, 2410 AA Bodegraven An Ísiltír McBride, Calle Ramón Esteve, 0 S/N (Pol L'Illa)„ 08650 Botjosa (la) Barcelona An Spáinn Extruplast, Avenue de la Repentie, 1700 La Rochelle An Fhrainc Brenntag Hungary Kft, Bányalég u. 45, 1225 Budapest An Ungáir

	DR. Becher GmbH, Vor den Specken 3„ 30926 Seelze An Ghearmáin Danlind AS, Lægaardvej 90 - 94, DK-7500 Holstebro An Danmhairg Farmak Moravia a.s, Na Vlčinci 16„ 779 00 Oloumoc Poblacht na Seice Hydrachem LTD, Gillmans Industrial Estate, Natts Lane, RH14 9EZ Billingshurst An Ríocht Aontaithe Julius Hoesch GmbH, Birkesdorfer Str. 5, 52353 Düren An Ghearmáin Medentech LTD, Whitemill Industrial Estate, Wexford Wexford Éire MKS GmbH & CO KG, Am Ockenheimer Graben 43, 55411 Bingen am Rhein An Ghearmáin PDI, Aber Park, Aber Road, CH6 5EX Flint An Ríocht Aontaithe Peenwhite LTD, Midpoint 18 Business Park, Aston Way„ CW10 0HS Middlewich An Ríocht Aontaithe Jago Pro Sp.z.o.o., Szczakowska 35, 43-600 Jaworzno An Pholainn Wesso AG, Martin-Luther-Str.10, 91217 Hersbruck An Ghearmáin CID Lines NV, Waterpoorstraat 2, 8900 Ieper An Bheilg

1.5. **Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	Propan-1-ol
Ainm an déantóra	BASF SE
Seoladh an déantóra	Carl-Bosch-Str. 38, 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	Carl-Bosch-Str. 38, 67056 Ludwigshafen An Ghearmáin

Substaint ghníomhach	Propan-1-ol
Ainm an déantóra	OQ Corporation
Seoladh an déantóra	2001 FM 3057, TX 77414 Bay City Stáit Aontaithe Mheiriceá
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	2001 FM 3057, TX 77414 Bay City Stáit Aontaithe Mheiriceá

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	70,35	75,38

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Aon leacht eile

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE - SPC(ANNA) META

META SPC 1

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 1

1.1. **Aitheantóir Meta SPC 1**

Aitheantóir	meta SPC 1

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)

2. COMHDHÉANAMH META SPC 1

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	70,35	75,38

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 1**

Foirmliú/foirmlithe	AL - Aon leacht eile

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 1

Ráitis ghuaise	Leacht agus gal inlasta. Ina chúis le damáiste tromchúiseach don tsúil. D'fhéadfadh a bheith ina chúis le codlatacht nó meadhrán. D'fhéadfadh ilnochtadh a bheith ina chúis le tirimeacht chraicinn nó le scoilteadh craicinn.

Ráitis réamhchúraim	Coimeád amach ó theas, dromchlaí te, spréacha, lasracha oscailte agus foinsí adhainte eile. - Cosc ar thobac. Caith aghaidhchosaint. Caith súilchosaint. MÁ DHÉANTAR TEAGMHÁIL LE SÚILE: Sruthlaigh go cúramach le huisce ar feadh roinnt nóiméad.Bain amach lionsaí tadhaill, má tá siad á gcaitheamh agus más féidir iad a bhaint amach go héasca. Lean leis an sruthlú. Glaoigh láithreach ar IONAD NIMHE nó ar dhoctúir. Seachain análú gala. Glaoigh ar POISONCENTRE/dochtúir má airíonn tú tinn.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 1

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1.

Úsáid # 1 — Díghalrú láimh

An cineál táirge	PT01 - Sláinteachas an duine (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	Díghalrán lámh sláinteach
Spriocorgánach/spriocorgánaigh (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Baictéir eitinne Gnáthainm: Baictéir eitinne Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Giostaí Gnáthainm: Giostaí Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Víris imchlúdaithe Gnáthainm: Víris imchlúdaithe Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil Ainm eolaíoch: Víris (gníomhaíocht vírisicídeach speictrim theoranta) Gnáthainm: Víris (gníomhaíocht vírisicídeach speictrim theoranta) Céim na forbartha: Níl aon sonraí ar fáil
Réimse/réimsí úsáide	Faoi dhíon Istigh Díghalrú láimh Limistéir próiseála bia (tionscal, limistéir cistine institiúideacha agus ospidéil (gan teagmháil le hothair)) Díghalrán sláinteach lámh, ar lámha is léir go bhfuil siad glan
Modh/modhanna úsáide	Airí modha: Caidéal láimhe nó uathoibríoch Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Láimhe (luamhán uillinn nó gan tadhall) Uathoibríoch (le caidéal)

Ráta/rátaí agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: 3 mL Airí caolaithe: Réidh le húsáid Airí uainithe: 10 n-uaire in aghaidh an lae
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch Gairmiúil
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal 100-20 000 mL HDPE, jerry canna.

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

Féach tomhais ginearálta (5.1)

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

Féach tomhais ginearálta (5.2)

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

Féach tomhais ginearálta (5.3)

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

Féach tomhais ginearálta (5.4)

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

Féach tomhais ginearálta (5.5)

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ([1]) MAIDIR LE META SPC 1

5.1. **Treoracha úsáide**

Úsáid 1 – Díghalrú láimh

Díghalrú láimhe do limistéir próiseála bia:

Cuir 3 mL táirge ar lámha glan tirim ar feadh:

— 30 soicind baictéir/giostaí/baictéir eitinne/víris imchlúdaithe

— 60 soicind víris (gníomhaíocht vírisicídeach speictrim theoranta)

Coinnigh lámha fliuch le linn ama teagmhála ina iomláine

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

Seachain teagmháil le súile.

Má theastaíonn athlíonadh, ba chóir cosaint láimhe agus súl a chaitheamh.

I gcás craicinn tirim, úsáid lóis chúram craicinn oiriúnach.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

MÁ IONANÁLAÍTEAR: Tabhair amach faoin aer agus coimeád socair i suíomh atá compordach d'análú. Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

([1]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 1.

MÁ SHLOGTAR: Sruthlaítear an béal.

Má tá comhartha sóirt ann: Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Mura bhfuil comharthaí sóirt ann: Cuir glao ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

Faisnéis do phearsanra Sláinte/dochtúir: Cuir tús le bearta tacaíochta beatha más gá, agus ina dhiaidh sin cuir glao ar IONAD NIMHE.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS AN gCRAICEANN: Má tharlaíonn greannú, nigh le huisce agus faigh cúram liachta. I gcás nochta craicinn trí thimpiste: nigh le huisce.

I gCÁS TEAGMHÁLA LEIS NA SÚILE: Sruthlaigh láithreach le huisce ar feadh roinnt nóiméad. Tóg amach na tadhall-lionsaí, más ann dóibh agus más furasta é sin a dhéanamh. Lean ag sruthlú ar feadh 15 nóiméad ar a laghad. Cuir glao ar 112/otharcharr chun cúnamh leighis a fháil.

Réamhchúraim comhshaoil: ná ceadaigh teagmháil le ithir, uisce dromchla nó talaimh.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

Táirge agus iarmhar táirge: Ba chóir gan cheadú don táirge dul isteach i ndraenacha, cúrsaí uisce nó ithear. Nuair is féidir, is fearr athchúrsáil ná diúscairt nó dó. Mura bhfuil athchúrsáil indéanta, diúscair é i gcomhréir le rialacháin áitiúla. Diúscair dramhaíl i ngléasra diúscartha dramhaíl faofa

Pacáistiú: Ba chóir coimeádáin fholmha a thógáil go dtí suíomh oiriúnach um láimhseáil dramhaíl i gcomhair athchúrsála nó diúscartha. Diúscair pacáistiú amháin má bhíonn sé go hiomlán folamh agus dúnta. Ná athúsáid coimeádáin fholmha. Diúscair i gcomhréir le rialacháin áitiúla, stáit agus cónaidhme.

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

Coinnigh amach ó fhoinsí teasa agus adhainte. Coinnigh in áit fuar, dea-aeraithe. Coinnigh amach ó oibreáin ocsaídithe. Coimeád as aimsiú leanaí. Coimeád an coimeádán dúnta go docht. Stóráil i gcoimeádáin oiriúnacha, le lipéad. Stóráil idir 0 °C agus 25 °C.

Seilfré: 4 bhliana

6. FAISNÉIS EILE

7. AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 1

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	Skinman Sensitive		Réimse margaidh: EU		
	P3-Manodes LI		Réimse margaidh: EU		
	Epicare DES		Réimse margaidh: EU		
	Manodes LI		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028430-0001 1-1				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
Propan-1-ol		Substaint Ghníomhach	71-23-8	200-746-9	70,35